An curfá (loinneog)

Óró 'bhuachaillín, seol do bhó,
Seol, seol agus seol go beo,
Óró 'bhuachaillín, seol do bhó
'Gus cuir ar an iomaire bán í.

1. Chaith mé mo mhaide le cúpla gabhar;
Níor airigh an tseanbhean mé - bhí sí bodhar.
Sciorr mo chos uaim is chuaigh sí i bpoll
Is tá mo lorgaí feannta.

Óró 'bhuachaillín, seol do bhó,
Seol, seol agus seol go beo,
Óró 'bhuachaillín, seol do bhó
'Gus cuir ar an iomaire bán í.

2. Dá bhfaighinnse cailín deas críonna glic
I nganfhios dá mamaí 's an oíche bheith 'sioc,
Gan buíochas don chailleach is ea bheinnse istigh,
'Mo shuí cois na tine go sásta.

3. Is trua gan mise 'gus stór mo chroí
'Bheith idir dhá bhairille lán le dígh,
Gan éinne i m'aic' ach mo pháistín fionn,
Is dóigh ghéar go n-ólfainn a sláinte.

4. Thall san eanach gur chuala mé 'n gleo,
Bhí cailín beag deas agus buachaillín óg.
Bhí sé á bréagadh le briathra ceoil,
'S a mamaí ag gol 's í ag gáire!

An curfá (loinneog) deiridh:

Óró 'bhuachaillín, seol do bhó,
Seol agus seol agus seol go beo,
Óró 'bhuachaillín, seol do bhó
'Gus cuir ar an aonach is fearr í.